# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014

# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

**(300 marc)**

Dé hAOINE, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Na Topaicí 8 go 10.

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC** mar seo a leanas:
  Ní mór topaic amháin a roghnú as *gach ceann* de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Ní mór d'iarrthóirí **SÉ CHEIST** a fhreagairt mar a leanas as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:

  Ní mór d'iarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.

- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar, marcáilte le **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

## GRÚPA I: Na Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.**

(i) In 432 RC rinne Archidamus, Rí Sparta, óráid inar thug sé rabhadh dá mhuintir gan cogadh a chur ar an Aithin.

(a) Déan achoimre ar na hargóintí a d'úsáid Archidamus ar an ócáid sin. (40)

(b) Ar tharla sé go raibh an ceart ag Archidamus ina chuid argóintí, dar leat? Mínigh do fhreagra. (10)

(ii) Scríobh nótaí **ar bheirt ar bith** díobh seo a leanas:

Alcaibiaidéas (Ginearál agus polaiteoir Aithneach); Brasadas (Ginearál Spartach); Nicias (Ginearál Aithneach). (25, 25)

(iii) In 427 RC rinne an Comhthionól Aithneach díospóireacht ar thodhchaí Mhitiléine.

(a) Tabhair breac-chuntas ar na hargóintí a rinne Cléón ar son daonra iomlán na bhfear i Mitiléine a chur chun báis. (40)

(b) Déan cur síos ar an gcaoi inar éalaigh pobal Mhitiléine ón gcinniúint uafásach seo. (10)

(iv) (a) Tabhair cuntas iomlán ar Chath Amfapoil. (40)

(b) Mínigh cén fáth a raibh tábhacht ag baint le toradh an chatha sin. (10)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.**

(i) (a) Tabhair cuntas ar léigear Alastair ar chathair na Téibhe in 335 RC. (30)

(b) Cad a tharla don Téibh agus dá lucht cónaithe nuair a ghabh arm Alastair an chathair? (20)

(ii) "Bhí claonadh in Alastar anois dul thar fóir go barbarach leis an ól." (Airrianas)

(a) Déan cur síos ar eipeasóid **amháin** inar imir an t-ól tionchar ar iompar Alastair. (35)

(b) An bhfuil meas agat ar charachtar Alastair? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iii) Scríobh nótaí **ar bheirt ar bith** díobh seo a leanas:

Pilib (athair Alastair); Hephaestion (compánach Alastair); Dáirias (Rí na bPeirseach). (25, 25)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar Chath Ghágaiméala. (40)

(b) Cad a tharla do Dháirias i ndiaidh an chatha sin? (10)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

(i) (a) Cén fáth a raibh fadhb ag na Rómhánaigh leis na foghlaithe mara roimh fheachtas Phoimpéas ina n-aghaidh? (15)

(b) Déan cur síos ar conas mar a d'éirigh le Poimpéas na foghlaithe mara a ruaigeadh as an Meánmhuir. (35)

(ii) Rinneadh Iúil Caesar a fheallmharú ar Íodh Márta in 44 RC.

(a) Tabhair cuntas ar an lá deireanach i saol Chaesair. (35)

(b) Cad iad na cúiseanna lena fheallmharú? (15)

(iii) (a) Tabhair cuntas ar an gcaoi inar chuir Pythius, baincéir i Sioracús, breall ar an Rómhánach saibhir, Gaius Canius chun teach a cheannach. (Cicearó, *Conas Cinneadh Ceart a Dhéanamh*) (40)

(b) Cad a cheap Cicearó faoi iompar Pythius san eachtra sin? (10)

(iv) Ar bhain tú taitneamh as dánta Catullus ar do chúrsa a léamh? Tabhair cúiseanna le do fhreagra agus bíodh tagairt agat do na dánta. (50)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

(i) (a) Déan cur síos ar conas mar ar chuir an tImpire Ágastas feabhas ar chuma na Róimhe. (30)

(b) Conas mar a rinne Ágastas cathair níos sábháilte den Róimh le cónaí inti? (20)

(ii) Bhí a lán díospóireachta ann faoin Impire Ágastas i ndiaidh a shochraide, de réir Thacatas.

(a) Cad a dúradh ar son Ágastas? (25)

(b) Cad a dúradh ina aghaidh? (25)

(iii) (a) Déan cur síos ar an gcaoi inar éirigh Séánas chomh cumhachtach sin le linn réimeas an Impire Tibir. (30)

(b) Cén chaoi a raibh Tibir ina chúis le treascairt agus le bás Shéánas? (20)

(iv) (a) Conas mar a chuireann Séatóinias bonn leis an dearcadh gur sprionlóir é Tibir? (40)

(b) Tabhair sampla **amháin** den fhlaithiúlacht a léirigh Tibir. (10)

---

## GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.**

(i) (a) In *Méidé* le hEoiripidéas, cén fáth nach féidir le Méidé filleadh ar a tír féin? (15)

(b) Cad a deir Méidé leis an gCór faoi cé chomh crua is atá an saol ag na mná? (35)

(ii) (a) In *Éideapús Rí* le Sofaicléas, cén dearcadh atá ag an gCór ar Éideapús ag tús an dráma? (15)

(b) Cén fáth a bhfuil meas chomh mór sin acu air? (15)

(c) Cén dearcadh atá ag an gCór ar Éideapús ag deireadh an dráma? Mínigh do fhreagra. (20)

(iii) (a) Cén scéal a thugann an Teachtaire ón gCoraint chuig Éideapús? (15)

(b) Cén fáth a gcuireann Éideapús agus Jocasta fáilte chomh mór sin roimh an scéal seo? (15)

(c) Conas mar a iompaíonn an scéal amach ina dhrochscéal? (20)

(iv) In *Méidé* le hEoiripidéas, tá Méidé freagrach i mbás a beirt mhac féin agus i mbás Chréón agus Glauce.

(a) Cén chaoi a ndéantar na dúnmharuithe seo? (25)

(b) Cén fáth a maraíonn Méidé na daoine seo? (15)

(c) Conas mar a éalaíonn Méidé ón bpionós as na dúnmharuithe seo? (10)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.**

(i) (a) Ón léamh atá déanta agat ar Leabhar 2 den *Aeinéid* le Veirgil, tabhair cuntas ar bhás Priam, Rí na Traí. (40)

(b) An dtugann Veirgil cur síos maith ar an eachtra seo, dar leat? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

(ii) San *Odaisé* le Hóiméar, chaith Odaiséas seacht mbliana ar Oileán Chailíopsó.

(a) Déan cur síos ar an gcaidreamh idir Cailíopsó agus Odaiséas. (20)

(b) Conas mar a chuirtear ina luí ar Chailíopsó scaoileadh le hOdaiséas? (15)

(c) Cén chabhair a thugann Cailíopsó d'Odaiséas nuair atá sé ag imeacht? (15)

(iii) (a) San *Odaisé* le Hóiméar, tar éis d'Odaiséas filleadh ar Ithaca, conas mar a chruthaíonn an t-aoire muc, Eomaes, go bhfuil sé misniúil agus go bhfuil sé dílis d'Odaiséas? (35)

(b) Conas mar a iompraíonn Melanthius, an t-aoire gabhar, é féin i leith Odaiséis? (15)

(iv) (a) Ón léamh atá déanta agat ar an *Aeinéid* le Veirgil, déan cur síos ar conas mar a thiteann Aeinéas agus Díodó i ngrá. (20)

(b) Cén fáth a bhfágann Aeinéas Díodó? (15)

(c) Déan cur síos ar Aeinéas agus Díodó ag casadh ar a chéile sa Domhan Thíos. (15)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

(i) (a) An aontaíonn tú gur leannán míshona éadmhar é Proipeirtias ina chuid dánta? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (35)

(b) An raibh an t-ádh ar Cynthia go raibh sí ina grá geal aige, dar leat? Mínigh do fhreagra. (15)

(ii) (a) Ina dhán, *Breith an tSlánaitheora*, conas a chuireann Veirgil síos ar na hathruithe atá le teacht, dar leis? (40)

(b) Cé hé an slánaitheoir a bhfuil Veirgil ag scríobh faoi sa dán seo? (10)

(iii) (a) Inis scéal *Luch an Bhaile Mhóir agus Luch na Tuaithe.* (40)

(b) Cén teachtaireacht a theastaíonn ó Horáit a chur in iúl sa dán seo, dar leat? (10)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar scéal *Baucis agus Philemon* le hÓivid. (40)

(b) Ar thaitin an scéal sin leat? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

---

**GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10**

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

(i) Léiríonn **Fótagraf A** agus **Fótagraf B** ar **Pháipéar X** teampall Aitéiné Nícé.

(a) Cá háit go díreach a bhfuil an teampall seo suite? (10)

(b) Ainmnigh an cineál cloiche a úsáideadh san fhoirgneamh seo. (10)

(c) Cén ord den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an teampall seo? (10)

(d) Déan cur síos ar an teampall agus ar a mhaisiú. (20)

(ii) Déan staidéar ar **Fhótagraf C** ar **Pháipéar X**.

(a) Ainmnigh an dia a léirítear anseo. (10)

(b) Cá háit a bhfuarthas an dealbh seo? (10)

(c) Cén t-ábhar as a ndearnadh an dealbh seo? (10)

(d) Cén fáth a ndeir Richter go bhfuil sí seo "ar cheann de na bundealbha Gréagacha is breátha"? (20)

(iii) Léiríonn **Fótagraf D** ar **Pháipéar X** dealbhóireacht rilífe**.**

(a) Mínigh cad is brí le 'dealbhóireacht rilífe'. (15)

(b) Ainmnigh an bhean i lár na dealbhóireachta seo. (10)

(c) Cad atá ag tarlú don bhean i lár na dealbhóireachta? (10)

(d) Déan trácht ar staidiúir na bhfíoracha agus ar shnoí an éadaigh sa dealbhóireacht seo. (15)

(iv) Féach ar **Fhótagraf E** ar **Pháipéar X.**

(a) Mínigh a bhfuil ar siúl sa dealbhóireacht seo agus ainmnigh an fhíor sa lár. (20)

(b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (10)

(c) Cad iad na gnéithe den dealbhóireacht seo atá ina n-eiseamláirí tipiciúla den tréimhse seo? (20)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

(i) (a) Tabhair cuntas ar fháthscéal Shócraitéas den Ainmhí Mór Cumhachtach. (35)

(b) Cad a bhí i gceist ag Sócraitéas leis an bhfáthscéal seo, dar leat? (15)

(ii) (a) Cad é mar a fhreagraíonn Cephalus ceist Shócraitéas faoi cé acu atá an tseanaois deacair nó nach bhfuil? (30)

(b) Cén chabhair é a bheith saibhir agus duine ina sheanaois, dar le Cephalus? (20)

(iii) I stát idéalach Shócraitéas, bheadh gaois, misneach, féinsmacht, agus an chóir ann.

(a) Mínigh cá háit a bhfuil fáil ar na cáilíochtaí sin i stát idéalach Shócraitéas. (30)

(b) Cén sainmhíniú a thugann Sócraitéas ar an gcóir? (10)

(c) An aontaíonn tú leis an sainmhíniú seo ar an gcóir? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

(iv) (a) Cén chaoi a dtiocfadh ann dá stát idéalach sa saol, dar le Sócraitéas? (30)

(b) Ar mhaith leat maireachtáil i stát idéalach mar a rinne Platón cur síos air?
Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

(i) Léiríonn **Fótagraf F** agus **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** dhá radharc de bhloc árasán sa tsean-Ostia.

(a) Cad iad na hábhair a úsáideadh i dtógáil an fhoirgnimh seo? (10)

(b) Déan cur síos ar an taobh amuigh den bhloc árasán seo. (15)

(c) Cén úsáid a baineadh as urlár na talún? (10)

(d) Cén difríocht atá idir bloc árasán Rómhánach agus bloc árasán nua-aimseartha? (15)

(ii) (a) Cén cath cáiliúil a léirítear sa mhósáic **i bhFótagraf H** ar **Pháipéar X**? (5)

(b) Ainmnigh an fhíor sa charbad agus an marcach ar dhroim capaill in aice leis an gcrann. (10)

(c) Cén chaoi ar léirigh an t-ealaíontóir drámaíocht agus mothú an chatha sa mhósáic seo? (20)

(d) Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a ndéantaí mósáicí. (15)

(iii) Léiríonn **Fótagraf I** agus **Fótagraf J** ar **Pháipéar X** dealbha brád de Pheiricléas, an státaire Gréagach, agus de Philib Arabach, Impire na Róimhe.

(a) Cén fáth a dtugann Wheeler "dumaí bearbóra" ar phortráid Pheiricléas? (15)

(b) Cén chaoi ina bhfuil dealbh bhrád Philib ina eiseamláir thipiciúil den dealbhóireacht phortráide Rómhánach? (20)

(c) Cad a insíonn dealbh bhrád Philib dúinn faoina charachtar? (15)

(iv) Léiríonn **Fótagraf K** ar **Pháipéar X** plean d'Fholcadáin Haidrian i Leiptis Mhór.

(a) Ainmnigh na gnéithe a léirítear ag **a, b, c, d, j.** (20)

(b) Cén fáth ar bhain tábhacht le folcadáin dá leithéid seo i saol laethúil na Rómhánach? (30)

---

# LEATHANACH BÁN

**LEATHANACH BÁN**